Dáta: 1 Bealtaine 2025

Buiséad Bliantúil Scoile a ullmhú don bhliain 2025/2026

A Iontaobhaí/A Phátrúin, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.

Is gá buiséad a ullmhú de réir na ndoiciméad rialachais i ngach scoil agus, ar a bharr sin, uirlis luachmhar tacaíochta don bhord atá ann le go mbeifear in ann scoil a reáchtáil go héifeachtach. Is tábhachtach do gach bord bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas.

Mura bhfuil sé déanta agaibh cheana féin, bheimis buíoch díot dá bhféadfá iarraidh ar gach bord atá faoi do shainchúram a dheimhniú go ndéanfar buiséad a ullmhú don bhliain scoile atá romhainn.

Má bhíonn dúshlán roimh aon scoileanna an buiséad sin a chomhardú, mol dóibh tú a chur ar an eolas faoi aon dúshlán a luaithe agus is féidir.

Táimidne anseo le comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'aon bhord atá ag plé le dúshláin leis an mbuiséad bliantúil a chomhardú.

Tá nasc thíos chuig oiliúint agus acmhainní a bhaineann le buiséid:

- Acmhainní do bhunscoileanna
- Acmhainní d'iar-bhunscoileanna

Ár mbuíochas leat as an tacaíocht leanúnach.

Is mise, le meas,

Louise McNamara,
Stiúrthóir, An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais